

Cás na Gréige

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phacáiste tarrthála na Gréige. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

1. ag cur bailchríche	a. <i>The Troika</i>
2. ciorruithe	b. <i>conference</i>
3. i dtoll a chéile	c. <i>putting finishing touches</i>
4. fiachais na tíre	d. <i>cutbacks</i>
5. imghabháil cánach	e. <i>state assets</i>
6. sócmhainní stáit	f. <i>the country's liabilities</i>
7. córas baincéireachta	g. <i>tax evasion</i>
8. An Triúracht	h. <i>banking system</i>
9. comhdháil	i. <i>bailout package</i>
10. pacáiste tarrthála	j. <i>together</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Ceangail na focail ar chlé leis na focail ar dheis. Ná féach ar cheist a haon, áfach.

- ag cur	- na tíre
- i dtoll	- cánach
- fiachais	- stáit
- imghabháil	- bailchríche
- sócmhainní	- tarrthála
- córas	- baincéireachta
- pacáiste	- a chéile

Cad a dhéanann na hinstiúidí seo?

An Banc Ceannais Eorpach
An Coimisiún Eorpach
An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus cuir an script san ord ceart, trí uimhir a haon a chur leis an gcéad phíosa agus mar sin ar aghaidh.

- Bheadh sé i gceist freisin ag an nGréig sócmhainní stáit a dhíol. Thángthas ar shocrú deireanach Dé hAoine a sheachain tubaiste i gcóras baincéireachta na tíre.

VIFAX 24 Feabhra 2015
Bunleibhéal

- Cuirfear an liosta faoi bhráid an Bhainc Cheannais Eorpaigh, an Choimisiúin Eorpaigh agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta inniu.
- Agus, mar chuid den socrú sin, dúirt an Ghréig go mb'fhearr leo a gcuid ciarruithe féin a dhéanamh seachas iad a bheidh socraithe dóibh ag an Triúracht.
- Tá go dtí meán oíche ag an nGréig moltaí a chur i dtoll a chéile le dul i ngleic le fiachais na tíre. Tuairiscítear go bhfuiltear ag cur bailchríche le leasuithe atá molta acu a dhéanamh ar gheilleagar na tíre; atá le cur faoi bhráid na Buiséile.
- Deir an Ghearmáin go mbeidh comhdháil fóin ag airí gnóthaí airgeadais Ghrúpa an Euro amárach leis an scéal a phlé.
- Má ghlactar leis an bplean, cuirfear síneadh ceithre mhí le pacáiste tarrthála na Gréige. Mura nglacfar, beidh imní mhór arís ann nach mbeidh de rogha ag an nGréig ach imeacht as an Euro.
- Meastar gur moltaí ginearálta go maith atá iontu, ach go mbeidh geallúint ann go rachfar i ngleic le himghabháil cánach, a d'fhéadfadh na billiúin euro a shábháil.
- Tuairiscítear go bhfuil an Ghréig ag cur bailchríche ar liosta ciarruithe atáthar sásta a chur i bhfeidhm sa tír ar mhaithe le síneadh a fháil ar a bpacáiste tarrthála.

Ceist 4 An Briathar Saor

- Féach ar an mír arís agus breac síos gach sampla den bhriathar saor a chloiseann tú.
- Breac síos an aimsir lena mbaineann siad agus cúpla sampla eile den bhriathar saor san aimsir sin.

Ceist 5 Tíortha agus muintir na hEorpa

An Tír	Na Daoine	An Teanga
Éire		
Sasana		
An Ghréig		
An Ghearmáin		
An Spáinn		
An Fhrainc		
An Iodáil		

Ceist 6

- Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.
- Cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith mar bhall den Aontas Eorpach?
 - Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le bheith mar bhall den Aontas Eorpach?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
c	d	j	f	g	e	h	a	b	i

Ceist 2

<ul style="list-style-type: none"> - ag cur bailchríche - i dtoll a chéile - fiachais na tíre - imghabháil cánach - sócmhainní stáit - córas baincéireachta - pacáiste tarrthála

An Banc Ceannais Eorpach	Tá sé i gceannas ar bheartas airgeadaíochta limistéar an Euro.
An Coimisiún Eorpach	Is é comhlacht feidhmiúcháin na hEorpa é, atá freagrach as gnó laethúil na hEorpa.
An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta	Eagraíocht idirnáisiúnta a bunaíodh chun cobhsaíocht (<i>stability</i>) airgeadaíochta a chur i bhfeidhm go domhanda.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Tuairiscítear – aimsir láithreach
 atáthar – aimsir láithreach
 Cuirfear – aimsir fháistineach
 Tuairiscítear – aimsir láithreach
 go bhfuiltear – aimsir láithreach
 Meastar – aimsir láithreach
 go rachfar – aimsir fháistineach
 Thángthas – aimsir chaite
 Má ghlactar – aimsir láithreach
 cuirfear – aimsir fháistineach
 Mura nglacfar – aimsir fháistineach

Ceist 5

An Tír	Na Daoine	An Teanga
Éire	Na hÉireannaigh	An Ghaeilge
Sasana	Na Sasanaigh	An Béarla
An Ghréig	Na Gréagaigh	An Ghréigis
An Ghearmáin	Na Gearmánaigh	An Ghearmáinis
An Spáinn	Na Spáinnigh	An Spáinnis
An Fhrainc	Na Francaigh	An Fhraincis
An Iodáil	Na hIodálaigh	An Iodáilis

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tuairiscítear go bhfuil an Ghréig ag cur bailchríche ar liosta ciorruithe atáthar sásta a chur i bhfeidhm sa tír ar mhaithe le síneadh a fháil ar a bpacáiste tarrthála. Cuirfear an liosta faoi bhráid an Bhainc Cheannais Eorpaigh, an Choimisiúin Eorpaigh agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta inniu.

Tá go dtí meán oíche ag an nGréig moltaí a chur i dtoll a chéile le dul i ngleic le fiachais na tíre. Tuairiscítear go bhfuiltear ag cur bailchríche le leasuithe atá molta acu a dhéanamh ar gheilleagar na tíre; atá le cur faoi bhráid na Buiséile. Meastar gur moltaí ginearálta go maith atá iontu, ach go mbeidh geallúint¹ ann go rachfar i ngleic le himghabháil cánach, a d'fhéadfadh na billiúin euro a shábháil.

Bheadh sé i gceist freisin ag an nGréig sócmhainní stáit a dhíol. Thángthas ar shocrú deireanach Dé hAoine a sheachain tubaiste i gcóras baincéireachta na tíre. Agus, mar chuid den socrú sin, dúirt an Ghréig go mb'fhearr leo a gcuid ciorruithe féin a dhéanamh seachas iad a bheidh socraithe dóibh ag an Triúracht.

Deir an Ghearmáin go mbeidh comhdháil fóin ag airí gnóthaí airgeadais Ghrúpa an Euro amárach leis an scéal a phlé. Má ghlactar leis an bplean, cuirfear síneadh ceithre mhí le pacáiste tarrthála na Gréige. Mura nglacfar, beidh imní mhór arís ann nach mbeidh de rogha ag an nGréig ach imeacht as an Euro.

¹ *gealltanais* atá sa Chaighdeán Oifigiúil